Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2023 (OR. en)**

**14689/23**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0160(COD)**

**ENER 576**
**ENV 1186**
**CLIMA 510**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 651 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Tuarascáil 2023 maidir le fóirdheontais fuinnimh san Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 651 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 651 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.10.2023
COM(2023) 651 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil 2023 maidir le fóirdheontais fuinnimh san Aontas Eorpach**

## Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le fóirdheontais fuinnimh san Aontas Eorpach

### Réamhrá agus na príomhthorthaí

Tá an tAontas Eorpach tiomanta go daingean dá astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 (i gcomparáid le 1990) agus do bheith aeráidneodrach faoi 2050. Beidh ról fíor- riachtanach ag fóirdheontais agus ag dreasachtaí eile eacnamaíocha agus dlíthiúla chun: (i) dlús a chur le cur in úsáid réiteach fuinnimh ghlain agus réiteach fuinneamhéifeachtúil; agus (ii) úsáid breoslaí iontaise a laghdú. Is féidir cuspóirí eacnamaíocha, comhshaoil nó leasa shóisialaigh a bheith le fóirdheontais. Mura ndeartar go maith iad, féadfaidh fóirdheontais iomaíocht a shaobhadh, feidhmiú in aghaidh an aistrithe fuinnimh, agus an comhartha faoi phraghas an charbóin a laghdú. Tá an tAontas ag gabháil go gníomhach do dheireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais don bhreosla iontaise freisin mar chuid de ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais a rinneadh i gcomhthéacs G20 agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála[1]. Is é an tuarascáil atá ann faoi láthair an ceathrú tuarascáil bhliantúil lena ndéantar faireachán ar fhóirdheontais fuinnimh agus ar dhul chun cinn i dtreo deireadh a chur le fóirdheontais don bhreosla iontaise, mar a fhorordaítear sa Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide[2].

Mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh a thosaigh in 2021, agus a d'éirigh níos measa de bharr chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine in 2022, bhí iarmhairtí nach beag ar fhóirdheontais a bhaineann le fuinneamh. Is féidir na hiarmhairtí sin a fheiceáil sa mhéid a leanas: (i) méid na bhfóirdheontas sin; (ii) dáileadh na bhfóirdheontas sin i measc na dteicneolaíochtaí agus na dtairbhithe; agus (iii) na hionstraimí a úsáidtear chun na fóirdheontais sin a sholáthar. Mar gheall ar an bhfuinneamh a bheith á úsáid mar uirlis troda ag an Rúis agus ar na gearrthacha de réir a chéile ar sholáthairtí gáis na Rúise, bhí freagairt bheartais láidir de dhíth ón Aontas, lena n- áirítear bearta gearrthéarmacha chun inacmhainneacht fuinnimh do thomhaltóirí agus do thionscail leochaileacha ar fud na hEorpa a áirithiú.

Deimhníonn torthaí an staidéir seo gur lean fóirdheontais fuinnimh treocht a bhí ag ardú de réir a chéile go dtí 2021, agus gur tháinig méadú suntasach orthu in 2022. Tháinig méadú ar fhóirdheontais fuinnimh fhoriomlána san Aontas ó EUR 177 mbilliún in 2015 go EUR 216 mhilliún in 2021, chun EUR 390 billiún measta a bhaint amach in 2022.

Lean an treocht d'fhóirdheontais breosla iontaise a bheith ag titim go dtí 2021, nuair a bhí siad ag EUR 56 bhilliún, sular mhéadaigh siad go tapa chuig EUR 123 bhilliún measta in 2022 mar fhreagairt don ghéarchéim. Thit fóirdheontais fuinneamh in- athnuaite in 2021 chuig EUR 86 bhilliún – den chéad uair ó 2015 – agus níor tháinig ach méadú beag orthu chuig EUR 87 mbilliún in 2022. Tharla sé sin de bharr praghsanna arda ar an margadh leictreachais mórdhíola a chuir laghdú ar mhéideanna na bhfóirdheontas a íocadh faoi ionstraimí tacaíochta dinimiciúla. Ar an taobh eile, mhéadaigh tacaíocht le haghaidh bearta um éifeachtúlacht fuinnimh ó EUR 22 bhilliún in 2021 go EUR 32 bhilliún faoi 2022.

[1] Óna gCruinniú Mullaigh in 2009, ghlao Ceannairí G20 ar dheireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais don bhreosla iontaise agus iad a chuíchóiriú fad is a chuirtear tacaíocht spriocdhírithe ar fáil do na daoine is boichte. Tá an tAontas ar cheann de chomhurraitheoirí an ráitis chomhaimseartha maidir le fóirdheontais don bhreosla iontaise arna ghlacadh an 14 Nollaig 2021 i gcomhthéacs EDT.

[2] Airteagal 35, pointe n den Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh (2018/1999/AE), dá ngairtear anseo feasta: an Rialachán maidir le Rialachas.

EUR 180 billiún a bhí sa tacaíocht le haghaidh gach foirme eile fuinnimh in 2022, lena n- áirítear leictreachas mar iompróir agus fuinneamh núicléach.

In 2021-2022 EUR 195 bhilliún measta a bhí sna fóirdheontais fuinnimh a bhí nasctha le bearta náisiúnta nua chun tomhaltóirí an Aontais a chosaint ar na praghsanna arda. Ar fud an Aontais, tugadh isteach 230 beart náisiúnta sealadacha ar a laghad chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fuinnimh. Ba theaghlaigh na príomhthairbhithe díreacha ó na bearta tacaíochta sin (EUR 58 billiún), le tomhaltóirí gnó agus tionsclaíocha ina dhiaidh sin (EUR 45 billiún) agus iompar ar bóthar (EUR 23 billiún). B'fhiú EUR 69 billiún an tacaíocht trasearnála.

Ba é 2022 an chéad bhliain, mar chuid dá dtuarascálacha dul chun cinn fuinnimh agus aeráide náisiúnta comhtháite, go mb'éigean do na Ballstáit tuairisciú ar an dul chun cinn a bhí déanta acu i dtreo deireadh a chur le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe maidir le breoslaí iontaise. Ina theannta sin, áirítear sa tuarascáil seo roinn ina ndéantar measúnú ar thionchar comhshaoil na bhfóirdheontas breosla iontaise.

Braitear sa tuarascáil seo ar shonraí ó staidéar seachtrach[3] arna dhéanamh don Choimisiún ag úsáid modheolaíocht a ghlactar go hidirnáisiúnta léi. Ní raibh roinnt de shonraí 2022 ar fáil ina n- iomláine nó ní raibh siad bailíochtaithe tráth ar críochnaíodh an staidéar (Lúnasa 2023), mar sin b'fhéidir go mbraithfí i bhfigiúirí 2022 ar theicnící maolaithe bearna sonraí[4]. Mar a bhí in eagráin roimhe seo, tugadh deis do na Ballstáit aiseolas a thabhairt ar na sonraí a úsáideadh don staidéar.

[3] Maidir le heagráin roimhe seo: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/34a55767-55a1-11ed-92ed-01aa75ed71a1

[4] Maidir le luachanna 2022 atá in easnamh, glacadh sonraí 2021 mar bhunús le meastachán. Sna cásanna sin, tagraítear do shonraí 2022 sa tuarascáil seo amhail 'measta' agus maidir le graif, tugtar sonraí neamhdheimhnithe le fios ar ghraif trí haisteáil.

## 1. Treochtaí maidir le fóirdheontais fuinnimh san Aontas

Sainmhínítear fóirdheontais sa tuarascáil seo de réir na modheolaíochta atá leagtha amach ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT)[5], a úsáideadh sa staidéar lena dtacaítear leis an gCoimisiún[6] agus sna heagráin roimhe seo den tuarascáil seo. Sainmhínítear fóirdheontais sa mhodheolaíocht seo amhail bearta rialtais a thagann faoi cheann de na ceithre chatagóir a leanas: (i) aistriú díreach cistí; (ii) ioncam rialtais (ó cháin) a ligtear thar ceal ar dhóigh eile (nár bailíodh); (iii) rialtais a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí nó a cheannaíonn earraí; agus (iv) tacaí praghais agus ioncaim.

Scrúdaítear sa tuarascáil freisin saintréithe éagsúla fóirdheontas: (i) faoin sprioc trína bhféachann siad le (táirgeadh, tomhaltas/éileamh, bonneagar nó éifeachtúlacht fuinnimh) a chur chun cinn; (ii) an cineál breosla a chuireann siad chun cinn (breoslaí iontaise, foinsí in- athnuaite fuinnimh, núicléach); (iii) earnálacha eacnamaíocha a fhaigheann an fóirdheontas (earnáil an fhuinnimh, iompar, tionscal, talmhaíocht[7], cónaithe, seirbhísí, etc.); nó (iv) an bhfuil siad díobhálach nó tairbheach don chomhshaol.

### 1.1 Fóirdheontais fuinnimh san Aontas Eorpach

Meastar méid iomlán na bhfóirdheontas fuinnimh san AE- 27 (Fíor 1) ag EUR 390 billiún in 2022 (+80 % i gcomparáid leis an EUR 216 billiún[8] in 2021).

Cuireadh leis an téarnamh eacnamaíoch in 2021 brú aníos ar phraghsanna fuinnimh agus dá dhroim sin ar fhóirdheontais. Tháinig méadú ar fhóirdheontais fuinnimh ó EUR 200 billiún in 2020 go EUR 216 billiún in 2021. Léiríonn sonraí measta 2022, de bharr thionchar na mbeart a thóg na Ballstáit, gur mhéadaigh fóirdheontais go suntasach chun EUR 390 billiún a bhaint amach in 2022. Mar fhreagairt ar am ngéarchéim fuinnimh, cruthaíodh nó leathnaíodh 230 beart fóirdheontais sealadacha ar a laghad i mBallstáit ar fud an Aontais chun tionchar na bpraghsanna arda agus luaineacha a mhaolú.

*Fíor 1: Fóirdheontais fuinnimh fhoriomlána san AE-27 (2015-2022; EUR2022bn)*[9][10]



[5] Tá an anailís bunaithe ar an gcreat modheolaíochta a úsáideadh i staidéir roimhe seo ón gCoimisiún, ag leanúint an chreata sa Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh (ASCM) arna fhorbairt ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT).

[6] Féach tuilleadh maidir le modheolaíocht fóirdheontais fuinnimh in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le staidéar 2023 ón gCoimisiún.

[7] Ag áireamh freisin fóirdheontais don iascaireacht.

[8] Mar gheall ar choigeartuithe sonraí ar fhardal an fhóirdheontais do na blianta roimhe sin, agus an t- athrú ar an mbonn airgeadaíochta ('arna shloinneadh in euro 2022' sa tuarascáil reatha) d'fhéadfadh sé go mbeadh na méideanna iomlána ar chairteacha na tuarascála seo difriúil ón tuarascáil dheireanach maidir le fóirdheontas fuinnimh a foilsíodh in 2022 nó níos luaithe.


[9] Sa tuarascáil seo, cuirtear na figiúirí uile in iúl in EUR 2022 bn. Áirítear ar na figiúirí foriomlána do 2022 ~EUR 44 billiún atá fós á mbailíochtú.

[10] B'ionann na sonraí faoin gcatagóir 'Le deimhniú' agus 12 % den mhéid foriomlán a áiríodh san fhardal Fóirdheontas don bhliain 2022.

Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023. NB: Léirítear meastacháin 2022 le haisteáil

D'fhorbair an tacaíocht fóirdheontais go héagsúil ar feadh teicneolaíochtaí in 2022. Tháinig méadú faoi thrí ar *fhóirdheontais leictreachais*[11], agus ar an iomlán dhúbail *fóirdheontais bhreosla iontaise* in 2022 i gcomparáid le 2021. Bhí *fóirdheontais a thacaigh leis an bhfuinneamh uile*[12] (e.g. trí thacaíocht ioncaim[13]) 2,4 uair níos airde in 2022 ná in 2021. Fad is gur fhan tacaíocht *d'fhuinneamh in- athnuaite* mórán mar an gcéanna in 2022 is a bhí in 2020-2021, tháinig méadú 40 % ar *bhearta um éifeachtúlacht fuinnimh* le linn na tréimhse sin, go príomha de bharr na tacaíochta d'athchóirithe fuinnimh arna sholáthar mar chuid den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF).

*Fíor 2: Fóirdheontais de réir príomhfhoinse fuinnimh / iompróra fuinnimh san AE-27 (EUR2022bn)*



Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023. NB: Léirítear meastacháin 2022 le haisteáil

Dáileadh fóirdheontais fuinnimh in 2022 (Fíor 3) go príomha trí bhearta *tacaíochta ioncaim/tacaíochta do phraghsanna* (38 %), *bearta um laghdú cánach* (35 %) agus *aistrithe díreacha* (25 %). In 2022, b'ionann breoslaí iontaise agus an sciar is mó de na fóirdheontais fhoriomlána (31 %), agus ní bhfuair foinsí fuinnimh in- athnuaite ach 22 % d'fhóirdheontais fuinnimh in 2022, síos ó 40 % in 2021.

[11] I gcásanna áirithe, ní féidir fóirdheontais a thugtar do thomhaltas fuinnimh a dheighilt de réir na foinse giniúna (giniúint iontaise, núicléach nó in- athnuaite), agus dá bhrí sin léirítear sa chairt seo fóirdheontais leictreachais (iompróir fuinnimh) taobh leo sin a tugadh d'fhoinsí fuinnimh.

[12] Úsáidtear an téarma 'an fuinneamh uile' anseo chun bearta fóirdheontais a aicmiú a bhfuil feidhm acu maidir le fuinneamh a tháirgtear as meascán de bhreosla iontaise agus foinsí ísealcharbóin nó foinse anaithnid.

[13] Áirítear anseo freisin cineálacha éagsúla sásraí eacnamaíocha sa bhreis ar thacaíocht ioncaim le haghaidh níos mó ná cineál amháin fuinnimh, amhail íocaíochtaí acmhainne, sainorduithe cumaisc maidir le bithbhreoslaí, cuótaí fuinneamh in- athnuaite le deimhnithe intrádála, táillí difreáilte nascachta leis an eangach, oibleagáidí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, scéimeanna lóid in- idirbhriste, conradh le haghaidh difríochta, préimheanna ar sholáthar leictreachais, taraifí ar sholáthar leictreachais, ráthaíochtaí maidir le praghas do thomhaltóirí (tacaíocht chostais), ráthaíochtaí maidir le praghas do thomhaltóirí (rialachán praghsála) agus ráthaíochtaí maidir le praghas do tháirgeoirí (rialáil praghsála)

*Fíor 3: Dáileadh fóirdheontais de réir ionstraime (2022, %)*

| Catagóir fóirdheontais | An fuinneamh uile | Leictreachas | Breoslaí iontaise | Fuinneamh Núicléach | RES | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aistrithe díreacha | 16% | 1% | 6% | 0% | 2% | **25%** |
| Bearta cánach | 9% | 7% | 15% | 0% | 4% | **35%** |
| Ioncam nó tacaíocht praghsanna | 2% | 9% | 11% | 0% | 16% | **38%** |
| Buiséid T&F | 1% | 0% | 0% | 0% | 0% | **2%** |
| **Iomlán** | **29%** | **16%** | **31%** | **1%** | **22%** | **100%** |

*Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023*

## 1.2 Fóirdheontais de réir foinse fuinnimh


In 2021, thit **fóirdheontais bhreosla iontaise** chuig EUR 56 billiún, ag leanúint leis an treocht seasta anuas ó 2018[14] (Fíor 4). Tharla an titim go príomha mar gheall ar laghdú mór (EUR 2 bhilliún) i bhfóirdheontais le tionscal an fhuinnimh[15]. Bhí suaitheadh ar an treocht anuas seo in 2022 mar iarmhairt dhíreach ar fhreagairt na hEorpa ar an ngéarchéim fuinnimh. Bhí bearta fóirdheontais ar cheann de na príomhuirlisí chun éifeachtaí praghsanna arda fuinnimh ar an gcostas maireachtála agus ar chostais táirgthe thionscail na hEorpa a fhrithéileamh.

Mar thoradh, meastar gur méadaíodh fóirdheontais iontaise níos mó ná faoi dhó idir 2021 agus 2022 (ó EUR 56 billiún go EUR 123 billiún). Léiríonn an méadú: (i) an tacaíocht i bhfad níos mó a fhaigheann teaghlaigh anois (+500 %); (ii) fóirdheontais mhéadaithe don earnáil iompair agus d'earnáil an fhuinnimh (+150 % agus +280 % faoi seach); agus (iii) bearta eile trasearnála (+770 % trí, mar shampla, rátaí CBL níos ísle). D'fhan tacaíocht dhíreach le tionscal agus talmhaíocht cobhsaí nó níor mhéadaigh sí ach fíorbheagán idir 2021 agus 2022.

[14] An méadú EUR 3,5 billiún ar fhóirdheontais breosla iontaise in 2018, is mar gheall ar an athrú ar aicmiú an struchtúir taraife chéimlaghdaithigh le haghaidh gáis agus leictreachais san Ísiltír é i bpáirt, nár thuairiscigh rialtas na hÍsiltíre mar fhóirdheontas roimh an dáta sin agus nár áiríodh dá bhrí sin sa bhunachar sonraí. Is í an Ísiltír an t- aon tír amháin inar dearbhaíodh méideanna iarbhír nasctha leis an sásra seo, ach is ann dóibh go cinnte i dtíortha eile gan a bheith dearbhaithe amhlaidh.

[15] Cumhdaíonn an téarma seo úscadh, tiontú, scagadh, bonneagar, tarchur, dáileadh, stóráil, bainistiú dramhaíola agus miondíol fuinnimh. Go hachomair, tionscal an fhuinnimh.

*Fíor 4: Fóirdheontais bhreosla iontaise san AE-27 de réir na hearnála eacnamaíche (EUR2022bn)*



Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023. NB: Léirítear meastacháin 2022 le haisteáil

Bhí formhór na bhfóirdheontas breosla iontaise a leithdháileadh san AE- 27 ó 2015 beartaithe le tacú le *héileamh fuinnimh* tomhaltóirí, mar shampla trí chostais an ídithe fuinnimh a theorannú trí rátaí cánach níos ísle ar tháirgí fuinnimh. D'fhás sciar na mbeart éilimh fuinnimh seo ó 67 % in 2015 go dtí 74 % faoi 2021 agus tugann meastacháin le fios go mbeidh siad fásta go dtí 83 % d'fhóirdheontais bhreosla iontaise in 2022. Dhírigh fóirdheontais bhreosla iontaise ar thacaíocht a thabhairt do *tháirgeadh leictreachais* idir 20 % agus 30 % ó 2015, agus meastar gur thit siad go dtí 10 % de na fóirdheontais bhreosla iontaise uile in 2022. Fuair fóirdheontais dírithe go sonrach ar *úscadh breosla iontaise agus bonneagar tacaíochta* EUR 13 billiún agus EUR 6 billiún, faoi seach; cé gurbh ionann *athstruchtúrú thionscal an fhuinnimh* (amhail tacaíocht chun gléasraí cumhachta nó mianaigh ghuail/ligníte a dhúnadh) agus sciar bheag agus laghdaitheach de na fóirdheontais bhreosla iontaise foriomlána (3,4 % nó EUR 1,7 billiún) in 2021.

Chuaigh formhór na tacaíochta breosla iontaise chuig ola agus táirgí ola scagtha (EUR 56 billiún) in 2022 (Fíor 5), mhéadaigh fóirdheontais dírithe ar *ghás nádúrtha* faoi thrí ó 2021 go 2022 agus shroich siad EUR 46 billiún. D'fhan tacaíocht le gual agus lignít mar a chéile ag EUR 8 billiún, cé go bhfuair na cineálacha eile uile iontaise, lena n- áirítear móin, EUR 13 bhilliún.

*Fíor 5: Fóirdheontais iontaise de réir an chineáil breosla*




Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023.

In 2021 tháinig laghdú ar **fhóirdheontais le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite** den chéad uair le roinnt blianta (Fíor 6) go EUR 86 bhilliún (-EUR 1,3 billiún nó -1,5 % i gcomparáid le 2020). Bhí an meath sin go príomha de bharr an méadú ar phraghsanna an mhargaidh leictreachais mórdhíola, a bhfuil laghdú in íocaíochtaí ionstraimí tacaíochta a chuireann breisiú ar fáil do phraghsanna margaidh dá thoradh. Tháinig an meath ar fhóirdheontais le haghaidh fuinneamh in- athnuaite freisin in ainneoin an méadú ar acmhainn ghiniúna RES suiteáilte agus tacaithe. In 2022, tháinig méadú de bheagán ar fhóirdheontais RES chuig EUR 87 billiún, agus bhí siad faoi bhun leibhéal na bhfóirdheontas breosla iontaise den chéad uair ó 2015[16].

In 2022 ba í *an tacaíocht ioncaim/an tacaíocht do phraghsanna* fós an ghnáthionstraim chun fóirdheontais a sholáthar do RES (EUR 57 mbilliún, 65 % de na fóirdheontais RES uile) trí, mar shampla, bearta amhail *taraifí ar sholáthar leictreachais agus préimheanna ar sholáthar leictreachais (FiT/FiP)* nó *cuótaí RES le deimhnithe intrádála*. Tháinig méadú suntasach ar *aistrithe díreacha* (deontais go príomha) chun EUR 8 mbilliún a bhaint amach in 2021 (EUR 5 bhilliún níos mó ná in 2020) agus EUR 9 mbilliún in 2022. Is de bharr tacaíocht le haghaidh táirgeadh RES agus bonneagar leictreachais a cuimsíodh i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát an méadú sin den chuid is mó, chomh maith le tacaíocht mhéadaithe chun borradh a chur faoi fhuinneamh in- athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh i dtéamh agus fuarú.

*Fíor 6: Fóirdheontais maidir le fuinneamh in-athnuaite de réir ionstraime (2015-2022; EUR2022bn)*



Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023. NB: Léirítear meastacháin 2022 le haisteáil

Tá tacaíocht do theicneolaíochtaí in-athnuaite an- éagsúil ar fud an Aontais (Fíor 7), a léirigh tosaíochtaí náisiúnta agus féidearthachtaí RES. Ar fud na mBallstát uile, fuair fuinneamh *gréine* (*grianfhuinneamh PV* agus *díriú grianteasa*) na fóirdheontais is mó in 2022

[16] Ní raibh na sonraí uile ar fáil le haghaidh 2022, mar shampla iad sin a bhain le cuótaí FiP/FiT nó RES agus d’fhéadfadh na figiúirí a bheith faoi réir athbhreithnithe.

(EUR 25 bhilliún), agus ina dhiaidh sin *gaoth* agus *bithmhais* (EUR 15 bhilliún an ceann). Fuair *hidreachumhacht* an méid is lú tacaíocht airgeadais (EUR 1,5 billiún in 2022). Úsáideadh go forleathan freisin fóirdheontais nach raibh dírithe ar aon teicneolaíocht in-athnuaite áirithe (EUR 24 billiún).

*Fíor 7: Sciar na bhfóirdheontas RES de réir teicneolaíochta don Bhallstát roghnaithe (2021; EUR2022bn)*

*Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023*

Mhéadaigh **fóirdheontais éifeachtúlachta fuinnimh** (Fíor 8) ó 2015 agus faoi 2022 shroich siad EUR 30 billiún (EUR 8 mbilliún níos mó ná in 2021). Bhí deontais suntasach go háirithe mar ionstraim tacaíochta, arbh ionann iad agus os cionn 50 % de na fóirdheontais éifeachtúlachta fuinnimh uile in 2022. In 2021-2022, leathnaigh deontais um éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhthreo le cur chun feidhme na n- infheistíochtaí sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, le caiteachais chánach, iasachtaí ar lacáiste agus oibleagáidí um éifeachtúlacht fuinnimh (23 %, 20 % agus 6 % d’fhóirdheontais um éifeachtúlacht fuinnimh, faoi seach).

*Fíor 8: Tacaíocht d’ionstraimí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (2022; EUR2022bn)*

Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023


Tháinig méadú ar fhóirdheontais le haghaidh **fuinneamh núicléach** ó EUR 4,3 billiún in 2015 go EUR 7,6 billiún in 2021 agus ansin thit siad go EUR 4,2 billiún in 2022. Tharla an laghdú tobann seo de bharr an mhéid seo a leanas: (i) an titim sa mhéid sásraí margaidh acmhainne (sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus san Iodáil); (ii) infhaighteacht íseal an chabhlaigh

núicléach sa Fhrainc; chomh maith le (iii) na híocaíochtaí a bhaineann le cinneadh na Gearmáine trí stáisiún núicléacha a dhúnadh ag deireadh 2021. In 2022 bhain formhór na bhfóirdheontas núicléach san Aontas leis an bhFrainc (EUR 2,3 billiún) agus leis an nGearmáin (EUR 1,1 billiún).

### 1.3 Fóirdheontais de réir an chuspóra eacnamaíoch

Cé gur mhéadaigh méid foriomlán na bhfóirdheontas fuinnimh don bhliain 2022 beagnach faoi dhó i gcomparáid le 2021, bhí difríocht shuntasach sna catagóirí lena cuimsíodh an fás sin de réir chuspóir eacnamaíoch an fhóirdheontais sin (Fíor 9).

*Fíor 9: Fóirdheontais fuinnimh de réir cuspóir eacnamaíoch (2015-2022; EUR2022bn)*



*Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023. NB: Léirítear meastacháin 2022 le haisteáil*

Tá méadú faoi thrí tagtha ar thacaíocht airgeadais dírithe ar *éileamh fuinnimh*[17] in 2022 i gcomparáid le 2021, ag sroicheadh EUR 247 billiún. Le linn na tréimhse céanna, mhéadaigh bearta um *éifeachtúlacht fuinnimh* faoi 50 % (ó EUR 21,8 go EUR 32 billiún), mhéadaigh fóirdheontais le haghaidh *forbairt bonneagair* faoi 250 % (ó EUR 4,9 billiún go EUR 12 billiún), cé gur laghdaigh tacaíocht chun *tionscal an fhuinnimh a athstruchtúrú* agus maidir le *táirgeadh fuinnimh* faoi 33 % agus 7 %, faoi seach.


Áirítear ar **fhóirdheontais ar éileamh fuinnimh** bearta tacaíochta spriocdhírithe nó cineálaí dírithe ar chostais an ídithe fuinnimh a theorannú in earnálacha eacnamaíocha éagsúla. Is féidir na bearta sin a chur chun feidhme trí shásraí amhail laghduithe nó aisíocaíochtaí cánach, agus tugtar aghaidh leo ar réimse leathan earnálacha eacnamaíocha, ó thionscail atá dian ar fhuinneamh go teaghlaigh. Dírítear leis na cineálacha fóirdheontas sin ar na cineálacha uile fuinnimh lena n- áirítear foinsí in- athnuaite fuinnimh, breoslaí iontaise, leictreachas, agus teas, gan beann ar a mbunús.

Faoi 2020, d'fhás tacaíocht fóirdheontais fhoriomlán le héileamh fuinnimh go EUR 70 billiún (Fíor 10), ag méadú faoi 17 % in 2021. Rinneadh meastachán ansin go raibh an tacaíocht sin

[17] E.g. tacú le húsáid fuinnimh trína chostais a laghdú.

méadaithe faoi thrí idir 2021 agus 2022 chun EUR 247 billiún[18] a bhaint amach. Bhí sé seo mar iarmhairt dhíreach ar ghéarchéim an chostais maireachtála agus soláthairtí gáis a bheith á n- úsáid mar uirlis troda ag an Rúis agus baineann sé den chuid is mó le bearta tacaíochta beartais a chuir rialtais i bhfeidhm ó dheireadh 2021 agus a neartaíodh a thuilleadh in 2022.

*Fíor 10 Fóirdheontais ag tacú le héileamh fuinnimh de réir ionstraime (2015-2022; EUR2022bn)*



*Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023. NB: Léirítear meastacháin 2022 le haisteáil*

Roimh 2021, b'ionann bearta cánach díreacha agus sciar níos mó ná 90 % d'fhóirdheontais fhoriomlána le haghaidh éileamh fuinnimh. Ó 2021 ar aghaidh, áfach, tugadh ar ais aistrithe díreacha agus ráthaíochtaí praghais custaiméara (tacaíocht ioncaim nó tacaíocht do phraghsanna) mar chuid de na bearta beartais, rud a athraíonn an chothromaíocht idir na hionstraimí seo chun éileamh fuinnimh a chur chun cinn. In 2022 50 % (EUR 123 bhilliún) den tacaíocht fhoriomlán don éileamh fuinnimh a bhí i gcaiteachais chánach, agus ina dhiaidh sin bhí tacaíochtaí praghais agus ráthaíochtaí praghais (30 %, EUR 74 bhilliún), agus aistrithe díreacha (20 %, EUR 50 billiún).

### 1.4 Díriú ar bhearta fóirdheontais a bhaineann leis an ngéarchéim fuinnimh

Tá an Coimisiún Eorpach ag obair le Ballstáit chun dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh. Áiríodh air sin oibriú chun: (i) soláthairtí fuinnimh malartacha a shlánú; (ii) éileamh fuinnimh a laghdú chun an t- easnamh i seachadtaí gáis na Rúise a chúiteamh; (iii) úsáid níos fearr a bhaint as foinsí in- athnuaite fuinnimh; agus (iv) éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar aon le bearta cur chun feidhme a tugadh isteach ar leibhéal an Aontais nó ar cumasaíodh iad leis na creataí ar leibhéal an Aontais, ghlac Ballstáit freisin lena mbearta oiriúnaithe go náisiúnta chun a saoránaigh agus a ngeilleagar a chosaint ó phraghsanna fuinnimh a bhfuil damáiste á dhéanamh acu (Fíor 11).

[18] Ó mhí Iúil 2023 ar aghaidh, áiríodh EUR 12,6 billiún d'íocaíochtaí nach bhfuil deimhnithe go fóill le haghaidh 2022 (~5 % den fhoriomlán) sa mheastachán ar fhóirdheontais dírithe ar éileamh.


*Fíor 11: Ábharthacht na bhfóirdheontas fuinnimh leis an ngéarchéim fuinnimh (2021-2023; EUR2022bn)*



Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023

Trí na bearta nua náisiúnta sin, chuir Ballstáit EUR 181 billiún measta ar fáil i bhfóirdheontais in 2022 chun na críche sin, arbh ionann iad agus beagnach 50 % de na fóirdheontais fuinnimh fhoriomlána san AE- 27 sa bhliain sin. Léirítear i bhfigiúirí tosaigh le haghaidh 2023 gur leanadh den tacaíocht sin, ach sa mheántéarma amháin: tá sé beartaithe go dtiocfaidh deireadh le beagnach 80 % de na híocaíochtaí faoi na bearta sin roimh dheireadh 2025, agus tá dáta deiridh pleanáilte tar éis 2025 ag 20 % d'íocaíochtaí nó níl dáta deiridh ar bith leo.

B'fhiú fóirdheontais le dul i ngleic le bearta géarchéime fuinnimh agus 1,12 % de OTI an Aontais in 2022. B'fhiú méid na hIodáile, na Fraince agus na Gearmáine agus beagnach 70 % den chaiteachas foriomlán seo (Fíor 12). I gcoibhneas lena OTI, chaith an Ghréig an méid is mó as aon Bhallstát den Aontas Eorpach in 2022 ar aghaidh a thabhairt ar phraghsanna fuinnimh (5,3 % den OTI).




*Fíor 12: Fóirdheontais le dul i ngleic na praghsanna fuinnimh atá ag ardú, de réir tíre, in 2022 (in EUR2022bn agus % den OTI)*


Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023

Léirítear i bhFíor 13.a, i gcaitheamh 2021-2022, go raibh formhór na bhfóirdheontas spriocdhírithe dírithe i dtreo *teaghlaigh* (EUR 58 billiún, 30 % den tacaíocht ghéarchéime foriomlán), agus ina dhiaidh sin *gnólachtaí* agus *tionscail* (EUR 34 billiún, 18 %), agus an earnáil iompair (EUR 23 billiún, 12 %). Bhí méid suntasach (EUR 69 billiún, 33 % den tacaíocht ghéarchéime fhoriomlán) neamh- spriocdhírithe agus chumhdaigh siad ilearnálacha.

*Fíor 13: Dáileadh fóirdheontas ag tabhairt aghaidh ar mhéaduithe ar phraghas fuinnimh in 2021-2022 (EUR2022bn)*



*a) de réir earnála eacnamaíche*



*b) de réir an iompróra fuinnimh*

*Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023*

A mhéid a bhaineann le hiompróir fuinnimh (Fíor 13.b), ba é an leictreachas an príomhthairbhí, ag fáil níos mó ná trian (EUR 70 billiún) den tacaíocht airgeadais in 2021-2022. EUR 60 billiún a bhí sna fóirdheontais le haghaidh gáis agus ola, agus leithdháileadh EUR 62 bhilliún maidir le fuinneamh a tháirgtear as meascán de bhreosla iontaise agus foinsí ísealcharbóin nó foinsí anaithnide (a dtugtar 'An fuinneamh uile' orthu).

Tá bearta speisialta glactha ag rialtais na hEorpa mar fhreagairt ar an ngéarchéim chun tacaíocht mhór a sholáthar go díreach do chuideachtaí fuinnimh. Mar shampla, sa Ghearmáin, tacaíodh le Uniper trí instealladh caipitil (EUR 34 billiún), agus sa Fhrainc, rinneadh EDF a náisiúnú athuair (EUR 9,4 billiún). Ó tharla gurbh é aidhm dheiridh na mbeart sin slándáil soláthair a áirithiú chomh maith le praghsanna níos ísle a chur ar fáil do chustaiméirí nó don mhargadh mórdhíola, níor áiríodh iad sa bhunachar sonraí fóirdheontais.

### 1.5 Fóirdheontais de réir na hearnála eacnamaíche is tairbhí


Ba é *tionscal an fhuinnimh* an earnáil eacnamaíoch ba mhó a fuair fóirdheontais in 2021, ag fáil níos mó ná leath (EUR 111 bhilliún, 51 %) de na fóirdheontais fuinnimh uile sa bhliain sin, arbh taraifí ar sholáthar leictreachais/préimheanna ar sholáthar leictreachais[19] EUR 61 bhilliún díobh (níl siad difreáilte i bhFíor 14). *Earnálacha tionscail* eile (EUR 32 bhilliún, 15 %) agus *teaghlaigh* (EUR 27 mbilliún, 13 %)[20] an dara agus an tríú faighteoir ba mhó fóirdheontas fuinnimh.

Léiríonn na sonraí le haghaidh 2022 athrú suntasach ar chomhdhéanamh na bhfóirdheontas. Mhéadaigh tacaíocht do *theaghlaigh* (le hardú faoi 240 % ó 2021 go EUR 94 bhilliún in 2022, nó 24 % de na fóirdheontais fuinnimh uile sa bhliain sin). Ba iad fóirdheontais *trasearnála* an chéad chatagóir eile ba mhó (EUR 75 billiún, 20 %) cé nach bhfuair *tionscal* ach méadú meánach i dtacaíocht idir 2021 agus 2022 (EUR 53 billiún, 13 %). Os a choinne sin, fuair *tionscal an fhuinnimh* beagán níos lú i bhfóirdheontais le haghaidh 2022 (EUR 109 billiún) ná mar a fuair in 2021, agus thit a sciar de na fóirdheontais uile ó 50 % go 28 % idir 2021 agus 2022.

[19] Áiríodh oibleagáidí FiT, FiP agus RES trí ghnás in earnáil an fhuinnimh, cé go bhféadfadh íocaíochtaí den sórt sin tairbhithe a thabhairt do ghníomhairí lasmuigh den earnáil sin.

[20] Ní áirítear le *Tionscal Mianadóireacht* ná *Tógáil*. Athghrúpáladh na hearnálacha *Gnó*, *Tógála*, *Poiblí* agus *Seirbhísí* faoin ainmniúchán 'Eile' mar gur lú ná EUR 1 bhilliún a méid aonair do 2020.


*Fíor 14: Fóirdheontais fuinnimh de réir earnáil eacnamaíoch san AE-27 (2015-2022; EUR2022bn)*



*Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023. NB: Léirítear meastacháin 2022 le haisteáil*

In 2022, d'fhás fóirdheontais fhoriomlána leis an earnáil iompair (Fíor 14) go EUR 38 billiún measta (+155 % nó +EUR 24 billiún i gcomparáid le 2021). Tá iompar ar bóthar fós ar an bhfaighteoir is mó, ar ionann é agus 83 % d'fhóirdheontais iompair (EUR 31 billiún). Ina dhiaidh sin tá aeriompar (EUR 3,6 billiún), ar uisce (EUR 1,8 billiún) agus iompar ar iarnród (EUR 1 billiún).

*Fíor 15: Fóirdheontais fuinnimh de réir an mhóid iompair (2015-2021; EUR2021bn)*



*Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023. NB: Léirítear meastacháin 2022 le haisteáil*

### 1.6 Fóirdheontais de réir a dtionchar ar an gcomhshaol

Chomhaontaigh an tAontas Eorpach, mar pháirtí leis an gCreat Domhanda Bithéagsúlachta (GBF)[21], '*a shainaithint faoi 2025, agus a dhíothú nó deireadh a chur de réir a chéile le dreasachtaí, lena n- áirítear fóirdheontais, atá díobhálach don bhithéagsúlacht, nó iad a athchóiriú*.' Tá modheolaíocht á hullmhú ag an gCoimisiún chun na fóirdheontais sin a mhapáil agus déantar an chéad iarracht sa tuarascáil seo chun measúnú a dhéanamh ar fhóirdheontais fuinnimh, agus go sonrach breosla iontaise, maidir lena dtionchar comhshaoil. Sa tuarascáil seo, dírítear sa mheasúnú ar fhóirdheontais a bhaineann le fuinneamh agus atá díobhálach don chomhshaol (EHS) ar fhóirdheontais bhreosla iontaise, a shainaithnítear amhail a bheith díobhálach don chomhshaol má dhreasaíonn an laghdú praghais nó costais

[21] https://www.cbd.int/gbf/targets/

atá mar chúis leo infhaighteacht agus/nó úsáid breoslaí iontaise a chothú nó a mhéadú, gan beann ar an bhfuil siad sin neamhlaghdaithe nó laghdaithe.

*Fíor 16: Fóirdheontais bhreosla iontaise san AE-27 de réir a dtionchar comhshaoil (2015-2022; EUR2022bn)*




*Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023.* NB: *Léirítear meastacháin 2022 le haisteáil*

Léirítear i bhFíor 16 go meastar *formhór mór* na bhfóirdheontas breosla iontaise (98 % in 2022 nó EUR 120 billiún) a bheith díobhálach don chomhshaol. Is fiú timpeall EUR 3 billiún méid na bhfóirdheontas breosla iontaise nach bhfuil díobhálach don chomhshaol. Baineann formhór na bhfóirdheontas sin nach bhfuil díobhálach le cúiteamh do chuideachtaí agus oibrithe as mianaigh ghuail agus gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe a ghearradh siar nó a dhúnadh, nó maoiniú maidir le hathshlánú na limistéar ina bhfuil dúnadh den sórt sin tarlaithe.

Léiríonn na réamhshonraí (Fíor 17) gur chuir an Ghearmáin ar fáil formhór na bhfóirdheontas a measadh nach raibh díobhálach don chomhshaol in 2022 (EUR 0,6 billiún), agus ina ndiaidh sin bhí an Ísiltír (EUR 0,5 billiún), an Fhrainc agus an Spáinn (EUR 0,2 billiún an ceann). In ocht mBallstát dhéag, measadh go raibh 100 % de na fóirdheontais bhreosla iontaise díobhálach don chomhshaol.

*Fíor 17: Fóirdheontais bhreosla iontaise de réir an Bhallstáit agus a dtionchar ar an gcomhshaol (EUR2022bn)*



*Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023*

## 1.7 Pleananna náisiúnta maidir le fóirdheontais

Dírítear sa chuid seo ar na pleananna náisiúnta chun deireadh a chur le fóirdheontais bhreosla iontaise i mBallstáit arna fhoilsiú i Lúnasa 2023[22]. I gclár gníomhaíochta comhshaoil ginearálta an Aontais chuig 2030, ar a dtugtar freisin an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, éilítear ar an gCoimisiún agus/nó ar na Ballstáit deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol, agus fóirdheontais bhreosla iontaise go háirithe, trí 'spriocdháta a shocrú do chéimniú amach fóirdheontas breosla iontaise i gcomhréir leis an uaillmhian an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C[23].

De réir shonraí 2022 (Fíor 18), bhí dáta deiridh pleanáilte roimh 2025 ag 47 % (EUR 58 billiún) d'fhóirdheontais bhreosla iontaise fhoriomlána (EUR 123 billiún). Níl dáta deiridh sa mheántéarma (2025-2030) ach ag timpeall 1 % (EUR 1,7 billiún) d'fhóirdheontais bhreosla iontaise. Don 52 % atá fágtha (EUR 64 billiún), níl aon dáta deiridh go fóill nó tá an dáta deiridh socraithe tar éis na bliana 2030.

*Fíor 18: Fóirdheontais bhreosla iontaise de réir an dáta deiridh agus mar sciar de na fóirdheontais fuinnimh fhoriomlána (%) in 2021*

*Foinse: Enerdata, Trinomics, 2023*

Tá sé beartaithe ag beagnach Ballstáit uile an Aontais imeacht ó bhreoslaí iontaise. Ach, i bhformhór na mBallstát níl an rún sin aistrithe ina bpleananna daingne go fóill. Is san earnáil cumhachta atá na pleananna is daingne ag Ballstáit chun a spleáchas ar bhreoslaí iontaise, gual go háirithe, a laghdú. Tá dátaí leagtha amach ag ocht mBallstát freisin chun deireadh a chur le téamh bunaithe ar bhreosla iontaise i bhfoirgnimh. Maidir leis na hearnálacha eacnamaíocha eile (tionscal, iompar agus talmhaíocht), níl ann ach d'fhíorbheagán dátaí deiridh don bhreosla iontaise.

[22] Tá an anailís bunaithe ar iarscríbhinní VIII agus XV nuashonraithe de na Tuarascálacha Náisiúnta ar dhul chun cinn maidir le Fuinneamh agus Aeráid Náisiúnta.

[23] Airteagal 3 (h) (i) de Chinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030.

Ar deireadh, cé gur mhéadaigh an líon fóirdheontais bhreosla iontaise níos mó ná faoi dhó in 2022 i gcomparáid le 2021 de bharr na mbeart tacaíochta mar fhreagairt ar an ngéarchéim fuinnimh, tá formhór mór na mbeart sin sealadach agus tá dáta deiridh acu go gairid. Ní dóchúil go mbeidh cúlú sna hiarrachtaí atá déanta ag Ballstáit go dtí seo chun fóirdheontais bhreosla iontaise a laghdú de thoradh na géarchéime fuinnimh.

Ach, beidh sé tábhachtach leanúint ar aghaidh ag déanamh faireacháin ar fhóirdheontais bhreosla iontaise shealadacha chun tionchair dhiúltacha a theorannú a d'fhéadfadh dreasachtaí d'infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh agus i bhfuinneamh in- athnuaite a laghdú.

Tá níos mó trédhearcachta maidir le dátaí deiridh d'fhóirdheontais bhreosla iontaise ó Bhallstáit ríthábhachtach chuige sin. De bharr neamhláithreacht faisnéise maidir le dátaí deiridh do na fóirdheontais sin, tá sé deacair measúnú a dhéanamh ar an bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart chun deireadh a chur le fóirdheontais bhreosla iontaise comhsheasmhach leis an uaillmhian chun téamh domhanda a theorannú chuig 1.5 °C.

## 2. Conclúidí

Mar gheall ar na praghsanna arda fuinnimh neamhghnácha le déanaí, is gá tionscnaimh bheartais chróga a ghlacadh san Aontas Eorpach chun tionchar sóisialta na géarchéime fuinnimh a mhaolú. Tá tionchar mór ag na bearta sealadacha agus eisceachtúla a rinneadh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh ar na treochtaí i bhfóirdheontais fuinnimh. Tá tionchar ag an ardú géar le gairid ar phraghsanna fuinnimh freisin ar na cineálacha beart a úsáidtear chun na fóirdheontais agus na teicneolaíochtaí a chuireann na fóirdheontais chun cinn a sholáthar, a bhfuil méadú suntasach ar fhóirdheontais bhreosla iontaise dá dtoradh ó 2022 chun billí fuinnimh arda i measc custaiméirí a mhaolú.

Ní raibh tuilleadh ídithe fuinnimh de thoradh na bhfóirdheontas fuinnimh méadaithe. Laghdaigh an t- éileamh foriomlán ar fhuinneamh in 2022 i gcomparáid le leibhéil réamh- COVID-19. Laghdaigh na gníomhairí eacnamaíocha uile a n- éileamh gáis faoi 17 %[24] le teaghlaigh agus tionscal chun tosaigh (laghduithe 50 % agus 43 %, faoi seach), ag freagairt do phraghsanna níos airde agus do bhearta beartais a spreagann laghdú éilimh araon. Lean an tAontas ina thacaíocht le hinfheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus ghlac sé céimeanna breise sa réimse le hathmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh.

Bhí bonn cirt le deireadh na treochta fada anuas le tosaíocht a dhéanamh de thomhaltóirí an Aontais a chosaint ón turraing billí fuinnimh. Ach, má chuirtear síneadh le bearta sealadacha sa mheántéarma, d’fhéadfadh sé sin tionchar diúltach fadmharthanach a imirt trí dhreasachtaí margaidh a laghdú d’infheistíochtaí um éifeachtúlacht fuinnimh agus um fhuinneamh in- athnuaite lena n- áirítear réitigh teasa amhail teaschaidéil.

Thug an tAontas go cinntitheach faoi aistriú fuinnimh chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Ba cheart do chaomhnuithe fuinnimh agus spleáchas laghdaithe ar bhreoslaí iontaise sna hearnálacha cónaithe, cumhachta, iompair agus tionsclaíocha cabhrú leis an Aontas ar réimse bealaí: (i) allmhairí breoslaí iontaise a laghdú; (ii) luas a chur faoin aistriú chuig fuinneamh glan; agus (iii) feabhas a chur ar shlándáil sholáthar fuinnimh an Aontais. Ba cheart laghdú i bhfóirdheontais bhreosla iontaise a bheith de thoradh an aistrithe fuinnimh dá bhrí sin, agus atreorú suntasach i dtacaíocht fóirdheontais chuig foinsí in- athnuaite fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh.

Cé go bhfuil an staid ar mhargaí fuinnimh domhanda agus Eorpacha cobhsaithe i gcomparáid leis na hamanna is measa den ghéarchéim fuinnimh in 2022, d’fhéadfadh praghsanna roinnt breoslaí (amhail gás nádúrtha) fanacht luaineach agus ag leibhéal réasúnta agus ar feadh roinnt blianta i gcomparáid le leibhéil roimh an ngéarchéim. Dá bharr sin, mar aon le hionadú teicneolaíochtaí breoslaí iontaise le réitigh níos inbhuanaithe, ba cheart meath suntasach a bheith ar thomhaltas breoslaí iontaise (agus a bhfóirdheontais) sa mheántéarma. B’fhéidir go mbeadh breithnithe beartais don inacmhainneacht ina n- údar le bearta sealadacha chun tacú le teaghlaigh agus leis an tionscal. Ach sa tréimhse níos faide, cumasóidh an t- aistriú fuinnimh teicneolaíochtaí éifeachtúlachta agus in-athnuaite chun tacaíocht a atreorú níos mó agus níos mó ó fhóirdheontais bhreosla iontaise atá díobhálach don chomhshaol.

---

[24] Comparáid a dhéanamh ar thomhaltas gáis sa tréimhse idir Lúnasa 2022 – Meitheamh 2023 leis an meán 5 bliana